

## Financial Guideline 2018/2019 - 33

### Voluntary Secondary Schools and Community & Comprehensive Schools

## State Examination Payments

### Payment Arrangements for School Appointed Superintendents, Examinations Aides and Art Models at the 2019 Certificate Examinations

(This Financial Guideline supersedes Financial Guideline 2017/2018 – 21)

As per the [State Examinations Commission \(SEC\) Circular S10/19](#), the State Examinations Commission (SEC) will refund the costs of employment in respect of the following examinations positions:

- School appointed examination superintendents for LCA, LCVP, Aural and Practical examinations and for superintendents of special centres under the scheme of reasonable accommodations (including those who also act as readers/scribes).
- Examinations Aides
- Art Models

#### 1. Rates of Payment 2019

The rates of pay for the various positions are presented at Appendix A. All rates of pay have been increased in line with the Public Service Stability Agreement 2018 - 2020.

Superintendents of special examination centres, appointed by the school authorities, will be paid by reference to the number of examination sessions that they superintend. The special centre superintending rate is **€44.05** per session for SNAs and **€57.72** per session for non SNAs. (i.e. a superintendent of a special centre who superintends two sessions in any day will continue to be paid the equivalent of the previous daily rate).

A session is regarded as a morning or an afternoon examination sitting. In the context of special examinations centres, aural tests are considered part of the examination session in the subject to which they relate and are not regarded as examination sessions in their own right. Superintendents of special examination centres will not be paid an additional session rate for aural tests if they have already superintended the subject to which the aural relates.

## **2. Special Needs Assistants appointed as Superintendents**

Where the school has appointed a local Superintendent, in line with the Reasonable Accommodation Guidelines for Schools and Superintendents and that Superintendent is a Special Needs Assistant, specific payment arrangements are in place.

The Department of Education and Skills has an agreement with the trade union IMPACT, which represents SNAs, that in cases where an SNA is supporting a candidate in a special centre during the examinations and also performing the duties associated with superintending of the special centre, the agreed fee, as detailed in Appendix A, will be paid in respect of the superintending role.

The SEC recognises that all decisions with regard to the appointment of superintendents of special examination centres and other situations which require a locally appointed superintendent are matters for the school authority acting in the best interest of candidates.

## **3. Examinations Aides**

The rate of payment for individuals appointed as Examinations Aides, under the terms and conditions for appointment to the position as set out in Circular S11/19, is contained in Appendix A.

## **4. Art Models**

The rate of payments for individuals appointed as Art Models for Junior Certificate Art Drawing & Leaving Certificate Art Life Sketching is contained in Appendix A. Note that the rate is per session.

## **5. Application of Tax and PRSI**

It is the responsibility of individual schools to administer tax, PRSI and USC for the above appointments and to pay over any monies deducted in respect of same to the Revenue Commissioners.

The appointment of superintendents and examination aides is covered under Class J PRSI. The rate of employer PRSI under this class is 0.5%. The SEC will refund to schools the employer PRSI at the appropriate rate in respect of superintendents and examination aides.

## **6. Public Service Pension Related Deduction (PRD)/ Additional Superannuation Contribution (ASC)**

We wish to advise you that with effect from 1st January 2019 the deduction known as Pension Related Deduction (PRD) will change to Additional Superannuation Contribution (ASC). **ASC will not be applicable for earnings in respect of work conducted for, or on behalf of the SEC from 01/01/2019.**

## **7. Claims for Payment**

All claims for reimbursement of the cost of employing locally appointed examinations personnel must be made on the appropriate forms and must be accompanied by signed receipts. The composite form OS 2019 must also be completed and returned. Supplies of the receipt slips and of the relevant forms have been supplied to schools. Additional copies of any of the required documentation may also be printed down from the Schools section of [www.examinations.ie](http://www.examinations.ie).

See appendix B for a list of the relevant forms. All claims are to be held and sent together in one submission to Schools/ETB Section, Finance Section, State Examinations Commission, Cornamaddy, Athlone, Co Westmeath.

The SEC will only accept claims for reimbursement on SEC forms of account, the use of non SEC forms will result in the entire claim being returned to the School. All claims for reimbursement must be signed by the recipient in the school and the school Principal. Claims that are completed incorrectly, inaccurately and /or unsigned will be returned in their entirety to the school.

All enquiries on foot of SEC circular S10/19 can be directed to the Finance Section at phone numbers 090 - 644 2880 / 2847 or via e-mail to [schoolspayable@examinations.ie](mailto:schoolspayable@examinations.ie)

*Further information or clarification on any of the issues raised in this Guideline can be obtained from the FSSU.*

Tel: 01-269 0677  
[info@fssu.ie](mailto:info@fssu.ie)

7<sup>th</sup> June 2019

## Appendix A

### Rates of Payment for Superintendents, Examination Aides & Models

<b>Superintendents</b>		
Reasonable Accommodations: (Non-SNA Rate)	€57.72	per session
Reasonable Accommodations: (SNA Rate)	€44.05	per session
Practical Tests	€115.43	per day
L. C. V. P	€115.43	per day
L.C.V.P Reasonable Accommodations (Non SNA)	€57.72	per session
L.C.V.P Reasonable Accommodations (SNA)	€44.05	per session
Aural Exams Leaving/Junior Cert	€57.72	per session
Leaving Certificate Applied (For Gaeilge Chumarsáideach, & Languages (Year 1) Information Technology (Year 2)	€57.72	per session
Examination Aides	€140.16	per day
Art Models (For Junior Certificate Art Drawing & Leaving Certificate Art Life Sketching.)	€12.69	per session
TS / Trade Examinations	€15.05	per hour

## Appendix B

### Claim Forms / Forms of Account

<b>E.A.1 2019</b>	Examinations Aide
<b>Form P1 2019 &amp; P1 Receipt 2019</b>	Practical & Aural Locally Appointed Superintendents/Models for Junior Certificate, Leaving Certificate, LCVP and Leaving Certificate Applied
<b>SP1 Form 2019</b>	Locally Appointed Superintendents where Reasonable Accommodations arise – Junior Certificate, Leaving Certificate, Leaving Certificate Applied
<b>OS 2019</b>	Overview Form

## Treoirlíne Airgeadais 2018/2019 - 33

### Meánscoileanna Deonacha, Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha

## Íocaíochtaí do Scrúduithe Stáit

### Socrúithe íocaíochta d'Fheitheoirí, Cúntóirí Scrúduithe agus Mainicíní Ealaíne Ceaptha ag Scoileanna ag Scrúduithe Teistiméireachta 2019

De réir [Chiorclán S10/19 ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit](#), déanfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit costais na fostaíochta a aisíoc in dáil leis na poist scrúduithe seo a leanas:

- Feitheoirí scrúduithe ceaptha ag scoileanna le haghaidh scrúduithe na hArdteistiméireachta Feidhmí, Gairmchlár na hArdteistiméireachta, agus scrúduithe cluastuisceana agus praiticiúla agus le haghaidh feitheoirí ionad speisialta faoin scéim freastail réasúnta (lena n-áirítear iad siúd a fheidhmíonn mar léitheoirí/scríobhaithe).
- Cúntóirí Scrúduithe
- Mainicíní Ealaíne

### 1. Rátaí Íocaíochta 2019

Léirítear na rátaí pá do na poist éagsúla in Aguisín A. Méadaíodh na rátaí pá uile i gcomhréir le Comhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2018 - 2020.

Íocfar feitheoirí ionad speisialta scrúduithe, arna gceapadh ag údaráis scoileanna, de réir líon na seisiún scrúduithe a ndéanann siad feitheoireacht orthu. An ráta le haghaidh feitheoireacht ar ionad speisialta ná **€44.05** in aghaidh an tseisiúin do Chúntóirí Riachtanas Speisialta agus **€57.72** in aghaidh an tseisiúin dóibh siúd nach Cúntóirí Riachtanas Speisialta iad (is é sin i gcás feitheora ar ionad speisialta a dhéanann feitheoireacht ar dhá sheisiún in aon lá amháin, leanfar le híocaíocht a dhéanamh leis/léi ar coibhéiseach í leis an ráta laethúil roimhe seo).

Meastar gur seisiún é suí scrúdaithe maidine nó tráthnóna. I gcomhthéacs ionaid scrúduithe speisialta, meastar gur cuid den seisiún scrúdaithe iad tástálacha cluastuisceana sna hábhair lena mbaineann siad agus ní mheastar gur seisiún scrúdaithe iontu féin iad. Ní íocfar ráta seisiúin bhreise le feitheoirí in ionaid scrúdaithe speisialta maidir le tástálacha cluastuisceana más rud é go ndearna siad feitheoireacht cheana féin ar an ábhar lena mbaineann an tástáil cluastuisceana.

## **2. Cúntóirí Riachtanas Speisialta ceaptha mar Fheitheoirí**

Sa chás go bhfuil Feitheoir áitiúil ceaptha ag scoil, de réir na dTreoirlínte Freastail Réasúnta do Scoileanna agus d'Fheitheoirí, agus gur Cúntóir Riachtanas Speisialta é an Feitheoir, tá socrúithe sonracha íocaíochta i bhfeidhm.

Tá comhaontú ann idir an Roinn Oideachais agus Scileanna agus an ceardchumann IMPACT, a dhéanann ionadaíocht ar Chúntóirí Riachtanas Speisialta, go n-íocfar táille chomhaontaithe, mar atá sonrath in Aguisín A, le Cúntóir Riachtanas Speisialta i ndáil leis an bpost feitheoireachta, sa chás go bhfuil Cúntóir Riachtanas Speisialta ag tacú le hiarrthóir in ionad speisialta le linn na scrúduithe agus chomh maith leis sin ag comhlíonadh dualgas a bhaineann le feitheoireacht ar an ionad speisialta.

Aithníonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit gur ábhar d'údaráis scoileanna, agus iad ag feidhmiú chun leasa na n-iarrthóirí, iad gach cinneadh a bhaineann le feitheoirí a cheapadh d'ionaid scrúduithe speisialta agus in suíomhanna eile ina dteastaíonn feitheoir a cheaptar go háitiúil.

## **3. Cúntóirí Scrúduithe**

Tá an ráta íocaíochta do dhaoine a cheaptar mar Chúntóirí Scrúduithe, de réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha a bhaineann le ceapadh chun poist mar atá leagtha amach i gCiorclán S11/19, le fáil in Aguisín A.

## **4. Mainicíní Ealaíne**

Tá an ráta íocaíochta do dhaoine a cheaptar mar Mhainicíní Ealaíne, le haghaidh Tharraingt Ealaíne an Teastais Shóisearaigh & Sceitseáil Ealaíne ón mBeo don Ardeistiméireacht, le fáil in Aguisín A. Tabhair faoi deara gur ráta in aghaidh an tseisiúin atá i gceist leis sin.

## **5. Cáin agus ÁSPC a Chur i bhFeidhm**

Tá freagracht ar scoileanna aonair as cáin ioncaim, ÁSPC agus MSU a riar i gcás na gceapachán thuasluaite agus aon airgead a asbhaintear ina leith a íoc leis na Coimisinéirí Ioncaim.

Tagann ceapachán feitheoirí agus cúntóirí scrúdaithe faoi Aicme J den ÁSPC. Is é ráta ÁSPC an fhostóra faoin aicme seo ná 0.5%. Aisíocfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit ÁSPC an fhostóra le scoileanna ag an ráta cúí i ndáil le feitheoirí agus le cúntóirí scrúdaithe.

## **6. Asbhaint a Bhaineann le Pinsean na Seirbhíse Poiblí (ABP)/Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise (RAB)**

Ba mhaith linn a chur in iúl duit go n-athrófar an asbhaint ar a dtugtar Asbhaint a Bhaineann le Pinsean (ABP) go dtí Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise (RAB) le héifeacht ón 1 Eanáir 2019. **Ní bheidh RAB infheidhme maidir le tuilleamh i ndáil le hobair a dhéantar le haghaidh, nó thar ceann, Choimisiún na Scrúduithe Stáit ón 01/01/2019 ar aghaidh.**

## 7. Éilimh ar Íocaíocht

Ní mór gach éileamh ar aisíocaíocht ar an gcostas a bhaineann le pearsanra scrúduithe a fhostáítear go háitiúil a dhéanamh ar na foirmeacha cúí agus ní mór admhálacha sínithe a bheith leo. Ní mór an chomhfhoirm OS 2019 a chomhlánú agus a chur ar ais chomh maith. Rinneadh na duillíní admhála agus na foirmeacha ábhartha a sholáthar do scoileanna. Is féidir cóipeanna breise d'aon cheann de na doiciméid riachtanacha a phriontáil ó rannóg na Scoileanna den láithreán [www.examinations.ie](http://www.examinations.ie) chomh maith.

Féach ar Aguisín B le haghaidh liosta de na foirmeacha ábhartha. Ba cheart na héilimh go léir a choinneáil agus a sheoladh le chéile chuig Rannóg na Scoileanna/BOO, an Rannóg Airgeadais, Coimisiún na Scrúduithe Stáit, Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí.

Ní ghlacfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit le héilimh ar aisíocaíocht ach amháin ar foirmeacha cuntais de chuid Choimisiún na Scrúduithe Stáit. Má bhaintear úsáid as foirmeacha nach foirmeacha de chuid Choimisiún na Scrúduithe Stáit iad, cuirfear an t-éileamh uile ar ais chuig an Scoil. Ní mór gach éileamh ar aisíocaíocht a bheith sínithe ag an bhfaighteoir sa scoil agus ag príomhoide na scoile. Tabhair do d'aire go gcuirfear ar ais chuig an scoil ina n-iomláine aon éilimh nach gcomhlánaítear i gceart, go cruinn agus /nó nach sínítear.

Ba cheart aon fhiosruithe de bhun Chiorclán S10/19 ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit a chur chuig an Rannóg Airgeadais ag na huimhreacha gutháin a leanas 090 - 644 2880 / 2847 nó le ríomhphost chuig [schoolspayable@examinations.ie](mailto:schoolspayable@examinations.ie)

*Is féidir tuilleadh eolais nó soiléiriú a fháil ar aon cheann de na saincheisteanna sa Treoirlíne seo ach dul i dteagmháil leis an FSSU.*

Teil: 01-269 0677  
[info@fssu.ie](mailto:info@fssu.ie)

An 7 Meitheamh 2019

## Aguisín A

### Rátaí Íocaíochta d'Fheitheoirí, do Chúntóirí Scrúdaithe agus do Mhainicíní

<b>Feitheoirí</b>		
Freastal Réasúnta: (Ráta do Dhaoine nach Cúntóirí Riachtanas Speisialta iad)	€57.72	in aghaidh an tseisiúin
Freastal Réasúnta: (Ráta do Chúntóirí Riachtanas Speisialta)	€44.05	in aghaidh an tseisiúin
Tástálacha Praiticiúla	€115.43	in aghaidh an lae
GCAT	€115.43	in aghaidh an lae
GCAT Freastal Réasúnta (Neamh-Chúntóir Riachtanas Speisialta)	€57.72	in aghaidh an tseisiúin
GCAT Freastal Réasúnta (Cúntóir Riachtanas Speisialta)	€44.05	in aghaidh an tseisiúin
Scrúduithe Cluastuisceana Ardeistiméireachta/Teastais Shóisearaigh	€57.72	in aghaidh an tseisiúin
An Ardeistiméireacht Fheidhmeach (Le haghaidh Gaeilge Chumarsáideach, & Teangacha (Bliain 1) Teicneolaíocht Faisnéise (Bliain 2)	€57.72	in aghaidh an tseisiúin
Cúntóirí Scrúdaithe	€140.16	in aghaidh an lae
Mainicíní Ealaíne (Le haghaidh Tharraingt Ealaíne an Teastais Shóisearaigh & Sceitseáil Ealaíne ón mBeo don Ardeistiméireacht)	€12.69	in aghaidh an tseisiúin
Scrúduithe Ábhar Teicniúil/Ceirde	€15.05	san uair



## **Aguisín B**

### **Foirmeacha Éilimh / Foirmeacha Cuntais**

<b>E.A.1 2019</b>	Cúntóir Scrúduithe
<b>Foirm P1 2019 &amp; Admháil P1 2019</b>	Feitheoirí /Mainicíní a Cheaptar go hÁitiúil le haghaidh Tástálacha Praiticiúla agus Cluastuisceana an Teastais Shóisearaigh, na hArdteistiméireachta, GCAT agus na hArdteistiméireachta Feidhmí
<b>Foirm SP1 2019</b>	Feitheoirí a Cheaptar go hÁitiúil i gcás Freastal Réasúnta – An Teastas Sóisearach, an Ardteistiméireacht, an Ardteistiméireacht Fheidhmeach
<b>OS 2019</b>	Foirm Forléargais